INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA LEITIR CEANAINN

RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31^{Ú} LÚNASA 2014

Ábhar

	Uimh. Leathanaigh
Ráiteas fá Dhualgais na hInstitiúide	2
Ráiteas ar Rialú Inmheánach	3 – 5
Tuairisc an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	6
Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta	7 – 9
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	10
Clár Comhardaithe	11
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid	12
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	13 - 22

INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA LEITIR CEANAINN

RÁITEAS FÁ DHUALGAIS NA hINSTITIÚIDE

De réir na nAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta, 1992 go 2006, tá sé d'iallach ar an Institiúid ráitis airgeadais a ullmhú i bhfoirm a d'fhéadfadh a bheith ceadaithe ag an Údarás Ardoideachais agus iad a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le haghaidh iniúchta. Nuair atáthar ag ullmhú na ráitis seo, tá sé de dhualgas ar an Institiúid aire a thabhairt dóibh seo a leanas:

- polasaithe oiriúnacha cuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus críonna
- na ráitis a ullmhú ar bhonn comhlachta rathúla murach nach bhfuil an bonn sin fóirsteanach
- aon easpa ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta cuí a léiriú agus a mhíniú.

Tá sé de dhualgas ar an Institiúid leabhair chuntais chuí a choinneáil a thugann le fios, le cruinneas réasúnta, seasamh airgeadais na hInstitiúide ag am ar bith agus a chuireann ar a cumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais leis na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta, 1992 go 2006. Chomh maith leis sin, tá sé de dhualgas ar an Institiúid a cuid sócmhainní a chosaint agus nósanna imeachta réasúnta a chur i bhfeidhm le caimiléireacht agus rudaí mírialta eile a thabhairt faoi deara agus a chosc.

_____ _____

Fintan Moloney
Cathaoirleach

Dáta

_____ _____

Paul Hannigan
Uachtarán

Dáta

INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA LEITIR CEANAINN

RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH

Don bhliain dar chríoch 31 Lúnasa 2014

Freagracht don Chóras um Rialú Inmheánach

Admhaíonn Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn a freagracht i ndáil lena chinntiú go bhfuil córas éifeachtach do rialú inmhéanach, bunaithe ar chomhlíonadh an Cód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann, coimeádta agus curtha i bhfeidhm. Tá an córas do rialú inmheánach bunaithe ar na próisis sin a úsáidtear chun aithne, measachán, tosaíocht agus bainistiú a dhéanamh ar na rioscaí suntasacha atá ag Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn i mbainistíocht a gnóthaí. Ní féidir leis an córas ach cinnteacht réasúntach a thabhairt, agus ní cinnteacht dhaingean, go bhfuil cosaint déanta ar shócmhainní, go ndéantar idirbhearta a cheadú agus a thaifeadadh mar is cóir agus go gcuirtear cosc le hearráidí nó mírialtacht, nó go mbeifear in ann iad a thabhairt faoi deara in am tráth.

Eocharghnáthaimh Rialaithe

Tá bearta curtha i bhfeidhm ag an Institiúid chun timpeallacht oiriúnach rialaithe a chinntiú, ina measc:

- Tá doiciméadú deánta ar nósanna imeachta agus rialacháin, cuirtear i ngníomh iad agus coinnítear suas chun dáta iad. Tá an Institiúid páirteach i bpróiseas leanúnach ar mhaithe le nósanna imeachta atá ann a uasghrádú agus polasaithe agus nósanna imeachta úra a thabhairt isteach nuair atá a leithéid oiriúnach.

- Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla, feidhmíocht airgeadais in aghaidh buiséad san áireamh. Tháinig feabhas ar thráthúlacht ullmhaithe na ndréachtchuntas reachtúil le blianta beaga anuas.

- Déileálann Coiste Iniúchóireachta, ag a bhfuil téarmaí tagartha soiléire, le ceisteanna suntasacha rialaithe agus cuirtear na tuarascálacha ó na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha ar fáil don choiste sin.

- Tá treoracha rialaithe sainmhinithe go soiléir ina n-áit do infheistíocht chaipitil.

Tá feidhm do iniúchóireacht inmheánach seachfhoinsithe ag Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn, feidhm a oibríonn de réir Cód Rialachais Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann. Gach bliain, cuireann pleananna d'iniúchóireacht inmheánach san áireamh réimsí de rioscaí féideartha atá aitheanta ag an bhainistíocht agus ag an Choiste Iniúchóireachta. Cheadaigh an Coiste Iniúchóireachta an Plean d'Iniúchóireacht Inmheánach do 2013/2014 i mí Meán an Fhómhair 2013. Cheadaigh an Coiste Iniúchóireachta an Plean d'Iniúchóireacht Inmheánach do 2014/2015 i mí na Samhna 2014.

Bainistiú Riosca

I mí na Nollag 2012, rinne an Bord Rialaithe an Polasaí Bainistíochta Riosca a athbhreithniú agus a cheadú. Tá forbairt déanta ar chlár riosca a chlúdaíonn an Institiúid go léir agus dhéanfaidh Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide atbhreithniú air dhá uair sa bhliain. Tá freagracht do mhaoirseacht agus cothabháil ar chlár rioscaí na hInstitiúide tugtha do bhall den Bhord Feidhmiúcháin.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialúcháin
Tá athbhreithniú an Bhoird Bainistíochta ar éifeachtacht an chórais do rialú inmheánach curtha ar an eolas acu seo a leanas:

- Oifigigh sinsearacha laistigh den Institiúid a bhfuil freagracht acu forbairt agus cothabháil a dhéanamh ar chreat do rialú inmheánach.
    - Tá próisis agus gnáthaimh oibre in eochairghníomhaíochtaí na hInstitiúide deartha lena chinntiú go bhfuil idirdheighilt oiriúnach cuí déanta ar dhualgaisí.
    - Déanann an Bord Feidhmiúcháin athbhreithniú ar fheidhmíocht airgeadais na hInstitiúide i rith na bliana, comparáidí leis an bhuiséad san áireamh.

- An Coiste Iniúchóireachta a chabhraíonn leis an Bhord Bainistíochta i gcomhlíonadh a fhreagrachtaí maoirseachta.
    - Déanann an Coiste Iniúchóireachta maoirseacht ar chuid oibre na hIniúchóirí Inmheánacha agus uair amháin sa bhliain, ar a laghad, casann siad leis na hIniúchóirí Inmheánacha le hathbhreitnhiú a dhéanamh ar a bpleananna agus a ngníomhaíochtaí.
    - Cuirtear breithniúcháin an Choiste Iniúchóireachta agus aon cheisteanna imní in iúl don Bhord Rialúcháin.
    - Tugadh Tuarascáil Bhliantúil an Coiste Iniúchóireachta don bhliain dar chríoch 31 Lúnasa 2014 don Bhord Rialúcháin i mí na Nollag 2014.

- Iniúchóirí Inmheánacha na hInstitiúide.
    - Nuair atá réimsí á n-aithint i gcomhair athbhreithnithe, déantar machnamh ar rioscaí don Phlean Iniúchóireachta Inmheánaigh.
    - Cuireann na hIniúchóirí Inmheánacha a gcuid oibre i gcrích de réir an Phlean Iniúchóireachta Inmheánaigh. Nuair a bhaineann an obair le córas rialaithe inmheánaigh na hInstitiúide, cuireann na hIniúchóirí Inmheánacha tuairiscí faoi bhráid a thugann dearbhú neamhspleách ar leordhóthanacht agus éifeachtacht chórais rialaithe inmheánaigh na hInstitiúide, maraon le moltaí feabhsúcháin. Cuirtear na tuarascálacha seo ar fáil do Choiste Iniúchóireachta Inmheánaigh na hInstitiúide a thuairiscíonn go díreach chuig an Bord Bainistíochta.

- Na nótaí tráchta a thugann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste don Choiste Iniúchóireachta ina litir bainistíochta agus tuairiscí eile i dtaca leis an iniúchadh.

Dearbhaímid go ndearna an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais do rialú inmheánach don bhliain dar chríoch 31 Lúnasa, 2014, i mí na Nollag 2014.

Dearbhaímid chomh maith go ndearna an Bord Bainistíochta faomhadh ar an Chód Rialachais is déanaí d'Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann i mí Mheán Fómhair 2013. Tá an Bord Bainistíochta tiomanta chun cur i ngníomh iomlán a dhéanamh ar an Chód is déanaí.

Gníomhaíochtaí ar bun
- Thabhaigh an tInstitiúid easnaimh oibriúcháin do gach ceann de na ceithre bhlana dar chríoch 31 Lúnasa 2011, 31 Lúnasa 2012, 31 Lúnasa 2013 agus 31 Lúnasa 2014. Tá an Institiúid páirteach i gcomhairleoireacht leanúnach leis An tÚdarás um Ardoideachas maidir lena stádas airgeadais, le fócas faoi leith ar na dúshláin airgeadais a bhaineann le Scoil na Turasóireachta, Na Cealla Beaga.

- Cheadaigh an Bord Bainistíochta an Polasaí do Bhainistíochtaí Riosca na hInstitiúide i mí na Nollag 2012. Tá an Institiúid ag obair i dtreo cur i bhfeidhm iomlán an pholasaí i ngach uile ghníomhaíocht. Tá Polasaí athbhreithnithe do Bhainistíocht Riosca a fhorbairt san am i láthair ag leibheál rannóige agus táthar ag súil go mbeidh sé ceadaithe ag an Institiúid sa bhliain 2015.

- Tá an tInstitiúid ag obair i dtreo cur i ngníomh iomlán a dhéanamh ar an Chreat Rialaithe Inmheánaigh.

- Tá an tInstitiúid ag obair i dtreo comhlíonadh níos leithne le Cód Rialachais Institiúdí Teicneolaíochta na hÉireann.

_____ _____

Fintan Moloney
Cathaoirleach

Dáta

_____ _____

Paul Hannigan
Uachtarán

Dáta

Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn

Tá ráitis airgeadais Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn don bhliain dar chríoch 31 Lúnasa 2013 iniúchta agam de réir Achtanna na nInstitiúidí Teicneolaíochta, 1992 go 2006. Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis sin, comhdhéanta den ráiteas ar bheartais chuntasaíochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, an clár comhardaithe agus na nótaí gaolmhara. Is iad Achtanna na nInstitiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006 agus an cleachtas cuntasaíochta a ghlactar leis go ginearálta in Éirinn an creat do thuairisciú airgeadais a úsáideadh ina n-ullmhúchán.

Freagrachtaí na hInstitiúide
Tá sé d'fhreagracht ar an Institiúid na ráitis airgeadais a ullmhú, chun a chinntiú go dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar an staid ina bhfuil gnóthaí na hInstitiúide agus ar a hioncam agus a caiteachas, agus chun rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Dualgaisí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Is é m'fhreagrachtsa ná na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú a dhéanamh orthu de réir Achtanna na hInstitiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006.

Déantar m'iniúchadh faoi threoir na gcúinsí speisialta a bhaineann le comhlachtaí a fhaigheann maoiniú substaintiúil ón Stáit i ndáil lena mbainistíú agus a bhfeidhmiú.

Cuirtear m'iniúchadh i gcrích de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) agus de réir na gCaighdeán Eiticiúil d'Iniúchóirí atá eisithe ag an Bhord um Chleachtais Iniúchóireachta.

Scóip an Iniúchta ar na ráitis airgeadais

Séard atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil faoi na suimeanna agus an nochtadh atá sna ráitis airgeadais, leordhóthanach chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhífhaisnéis ábhartha, cibé mar gheall ar chalaois nó earráid. Tá siad seo a leanas áirithe sa chás seo:

- cibé an bhfuil na polasaithe cuntasaíochta oiriúnach do chúinsí na hInstitiúide, gur cuireadh i bhfeidhm iad go seasmhach agus go ndearnadh nochtadh cruinn orthu.
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh le linn ullmhúcháin na ráitis airgeadais, agus
- cur i láthair foriomlán na ráitis airgeadais.

Le linn na iniúchóireachta chomh maith, lorgaím fianaise fá rialtacht na n-idirbheart airgeadais.

Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais, a hullmhaíodh go cuí de réir chleachtais chuntasaíochta na hÉireann, léargas fíorcheart cothrom ar riocht gnótaí na hInstitiúide ag 31 Lúnasa 2014 agus ar a hioncam agus ar a caiteachas don bhliain dar críoch sin.
Is mo thuairim gur choinnigh an Institiúid leabhair chuntais ceart cothrom. Tá na ráitis airgeadais ag cur leis na leabhair chuntais.

Gnóthas Leantach

Gan mo thuairim ar na ráitis airgeadais a cháiliú, tarraingím aird ar Nóta 26 a nochtann an bunús ar a bpléann an Bord Rialúcháin go bhfuil sé oiriúnach na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh. Thabhaigh an Institiúid easnaimh i ngach ceann de na ceithre bliana deireanacha. Aithníonn an Institiúid go gcaithfeadh easnaimh breise den mhéid céanna amhras ar a stádas mar ghnóthas leantach sa mheán téarma.

Ábhair a Thuairiscím trí Eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht sna cásanna seo a leanas:

mura bhfuair mé an t-eolas agus na míniúcháin go léir atá de dhíth orm i gcóir m'iniúchadh, nó

má tugadh faoi deara le linn m'iniúchta go raibh aon chás ábhartha ann nuair nár úsáideadh airgead don chúis a bhí beartaithe faoina choinne nó nuair nach raibh na hidirbhearta in oiriúint do na húdaráis a bhí ina mbun, nó

mura dtaispeánann an ráiteas ar an rialú inmheánach go bhfuil an Institiúid ag cloí leis an Chód Cleachtais do Rialachas Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann, nó

má aimsím nithe ábhartha ar bith eile a bhaineann leis an dóigh ina ndearnadh gnó poiblí a stiúradh.

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste *(ar lean)*

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na nithe seo.

Seamus Mc Carthy.

Seamus McCarthy
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Deireadh Fómhair 2015

Is iad seo a leanas na polasaithe cuntasaíochta tábhachtacha atá glactha ag Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn:

1. BUNÚS AN ULLMHÚCHÁIN

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais de réir na bprionsabal cuntasaíochta atá inghlactha go ginearálta in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil (diomaite de mhaoin áirithe atá luaite ag a luacháil) agus de réir riachtanais an Údaráis um Ardoideachais.

Faoi Acht na nInstitiúidí Teicneolaíochta, 2006, a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Feabhra 2007, aistríodh feidhmeanna agus maoiniú áirithe a bhí roimhe sin a gcur ar fáil ag an Aire Oideachais agus Scileanna, chuig an Údarás um Ardoideachais.

2. AITHEANTAS IONCAIM

Deontais Stáit:
Tuairiscítear deontais atréimhseacha ón Údarás um Ardoideachais agus ó chomhlachtaí eile sa tréimhse ina bhfuil siad dlite.
Maidir le deontais neamh-atréimhseacha ón Údarás um Ardoideachais, nó ó chomhlachtaí eile, a fhaightear do cheannach nó do thógáil sócmhainní seasta, tuairiscítear iad mar dheontais chaipitiúla iarchurtha agus déantar iad a amúchadh ar aon dul leis an dímheas thar shaolré na sócmhainní.

Mion-Oibreacha Caipitúla:
Thug an tAire Oideachas agus Scileanna isteach scéim ar mhaithe le freagracht d'Oibreacha Samhraidh agus Oibreacha Caipitúla eile a thabhairt don Institiúid. Sa chás nach gcaitear airgead cineachta, i ndáil leis an scéim seo, aithnítear an t-airgead sin mar ioncam iarchurtha, fhad is go bhfuil na tograí a raibh siad tiomanta dóibh ceadaithe ag an Bhord Bainistíochta, go bhfuil siad sainmhínithe go soiléir, go bhfuil am leagtha síos dóibh agus go bhfuil na costais measta faoina gcoinne.

I ngach cás eile, aithnítear maoiniú ó dheontas cineachta sa tréimhse ina bhfaightear é.

Deontais Taighde agus Conarthaí:
Déantar ioncam ó Dheontais Taighde agus Conarthaí a mheaitseáil leis an chaiteachas agus áirítear é in ioncam na bliana inar tharla an caiteachas a bhain leo.
Tá soláthar iomlán ar fáil do chaillteanas a d'fhéadfadh tarlú.
Taispeántar iomlán ioncam agus caiteachas taighde faoin cheannteideal 'Deontais Taighde agus Conarthaí'. Tá soláthar iomlán ar fáil do chaillteanas a d'fhéadfadh tarlú.

Ioncam ó Tháillí:
Déantar ioncam ó tháillí a chuntas ar bhonn fabhraithe. Déantar iomlán ioncaim ó tháillí a áireamh faoin cheannteideal seo, ina n-áirítear Foghlaim Fadsaoil agus Táillí Eile. Áit bith a dheimhníon an Institiúid nach bhfuil an t-ioncam aitheanta neamhbhailithe, déanann an Institiúid soláthar oiriúnach don mhéid nach féidir a bhailiú agus cuirtear é seo in iúl mar speansais ar leith.

Ioncam ó Ús:
Déantar iomlán ioncaim ó thaiscí gearrthéarmacha a bhreacadh chun sochair sa chuntas ioncaim agus caiteachais sa tréimhse inar tuilleamh é.

3. STOC

Cuirtear caiteachas ar leabhair agus stoc inchaite mar mhuirear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais de réir mar a tharlaíonn siad.

4. SÓCMHAIONNÍ SEASTA agus DÍMHEAS

Déantar sócmhainní seasta, diomaite de thalamh, a thuairisciú ag a luacháil nó a gcostas stairiúil lúide dímheas charntha. Déantar talamh a thuairisciú ag a luacháil nó a chostas stairiúil.

(a) COSTAS NÓ LUACHÁIL

Déantar sócmhainní seasta a bhí ann ar an 1 Eanáir 1993 (dáta an ordaithe tosaigh) a thuairisciú ag a luacháil. Tá an bonn luachála talaimh agus foirgneamh leagtha síos i Nóta 14. Déantar sócmhainní breise a fhaightear níos moille a thuairisciú de réir costais.

Maidir le foirgnimh a bhfuiltear á dtógáil, déantar a luacháil a mheas ar chostas atá bunaithe ar theastais an ailtire agus ar chostais dhíreacha eile a caitheamh suas go dtí deireadh na bliana airgeadais. Ní chuirtear dímheas ina leith go dtí go mbaintear úsáid astu.

(b) TREALAMH

Ón 1 Meán Fómhair 2009, déantar trealamh a chosain níos lú ná €3,000 an t-aonad a dhíscríobh chuig an cuntas ioncaim agus caiteachais ó bhliain a fhaighte. Sa chás go bhfuil píosaí aonair trealaimh a ceannaíodh faoin teorainn chaipitlithe €3,000, agus go bhfuil sonrasc iomlán an cheannacháin os cionn an teorainn, déantar na hearraí sin a chaipitliú ar an ghnáthbhealach

(c) DÍMHEAS

Maidir le homlán sócmhainní a ceannaíodh agus a ndearnadh caipitliú orthu roimh 1 Meán Fómhair 2008, leanfar ar aghaidh ag plé leo mar shócmhainní seasta agus déanfar iad a luachlaghdú go dtí deireadh a saolré úsáideach.

Áirítear dímheas ar shócmhainní seasta, seachas talamh, ar bhunús méid chothrom ar mhaithe le díscríobh a dhéanamh ar a gcostas stairiúla nó luachála de réir mar atá measta dá saolré úsáideach, mar a leanas:

	Blianta
Foirgnimh	50
Daingneáin agus Feisteas, Foirgnimh réamhdhéanta	10
Trealamh Ríomhaireachta	3
Gléasra agus Innealra	10
Trealamh	5
Mótarfheithiclí	5

Déantar iomlán trealamh a maoiníodh ó Dheontais Taighde agus Conarthaí a luachlaghdú thar shaolré na sócmhainne de réir an pholasaí atá i bhfeidhm d'iomlán Sócmhainní Seasta eile.

Déantar Talamh agus Foirgnimh atá glactha ar léas a luachlaghdú thar shaolré an léasa.

5. AIRGEADRAÍ EACHTRACHA

Aistrítear idirbhearta in airgeadra eachtracha isteach go Euro agus déantar iad a thuairisciú de réir na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar dhátaí na n-idirbhearta. Déantar sócmhainní agus fiacha airgid atá ainmnithe in airgeadra eachtrach a aistriú go Euro de réir na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar dháta an chláir chomhardaithe

6. PINSIN

Ón 1 Eanáir 2013, tá iomlán fostaithe nua ina mbaill den scéim pinsin aonair na hearnála poiblí. Bronntar iomlán eile teidlíochtaí pinsin na foirne faoi scéim sainithe sochair a bunaíodh de bhua an Acht Rialtais Áitiúil (Aoisliúntas) 1980, agus is é an Státchiste a íocann na pinsin sin de réir mar a thagann siad chun tosaigh.

Feidhmíonn an scéim aoisliúntais ar bhonn 'íoc mar a úsáidtear' agus ar an tséala sin, coinníonn an tInstitiúid na hasbhaintí aoisliúntais a bhaintear ó fhostaithe mar chuid chomhaontaithe dá maoiniú, diomaite d'asbhaintí faoi scéim pinsin aonair na hearnála poiblí a chuirtear ar ais chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Ní thugann an tInstitiúid aon chionroinnt don scéim agus níl aon oibleagáid uirthi i ndáil le teidlíochtaí.

7. DEONTAIS CHAIPITIÚLA IARCHURTHA

Is ionann Deontais Chaiptiúla Iarchurtha le luacháil amúchta na gcistí carntha atá curtha ar leataobh do shócmhainní seasta.

8. CÚLCHISTE CAIPITIÚIL FORBRAÍOCHTA

Is éard atá i gceist leis an Cúlchiste Caipitiúil Forbraíochta ná an maoiniú atá curtha ar leataobh ag an Institiúd faoi choinne cuspóirí forbartha caipitiúla faoi leith. Tagann a mhacasamhail de thabhartais ó ranníocaíochta Mac Léinn, ó thabhartais neamh-Stáit, ó tháillí saoráidí baincéireachta agus ó aistriú ó Chúlchistí Ioncaim, agus, sa chás deireanach sin, a bhfuil réamhchead faighte dóibh ón Údarás um Ardoideachais, maraon le hús bainc a thuill an t-airgead sin. Coimeádfar a leithéid de chistí i gCuntas an Chúlchiste Caipitiúla Forbraíochta, ar choinníoll go bhfuil na tograí sainmhínithe a bhfuil siad geallta dóibh ar aon dul le Plean Forbartha Caipitil na hInstitiúide, go bhfuil siad ceadaithe ag an Bhord Bainistíochta, go bhfuil sprioc am leagtha síos dóibh agus go bhfuil réamh-mheastacháin ar chostais in éineacht leo.

9. ACMHAINNÍ AR CÍOS

Gearrtar cíos ar réadmhaoin, atá faoi léas oibriúcháin, sa chuntas Ioncaim agus Caiteachais don tréimhse inar gabhadh an caiteachas.

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar chríoch 31 Lúnasa 2014

		2014	2013
IONCAM	**NÓTA**	**€'000**	**€'000**
Deontas Stáit	1	11,499	12,496
Táillí Teagaisc	2	9,810	9,303
Amúchadh ar Dheontais Chaipitil Iarchurtha	17	2,044	2,250
Deontais Taighde agus Conarthaí	3	1,283	1,160
Gníomhaíochtaí Eile do Ghiniúint Ioncaim	21	401	440
Ioncam Eile	5	2,522	2,276
Ioncam ó Mhaoiniú Tacaíochta Mac Léinn aitheanta	4	489	510
Ús Ioncaim		97	222
		28,145	**28,657**
CAITEACHAS			
Ranna Acadúla	6	17,318	17,395
Seirbhísí Acadúla	7	687	786
Costais Áiseanna	8	1,592	1,558
Riarachan agus Seirbhísí Lárnacha	9	3,834	3,800
Speansais Ghinearálta Oideachasúla	10	727	903
Seirbhísí Mac Léinn	11	975	914
Deontais Taighde agus Conarthaí	3	1,283	1,160
Gníomhaíochtaí Eile do Ghiniúint Ioncaim	21	394	433
Ioncam ó Mhaoiniú Tacaíochta Mac Léinn curtha i bhfeidhm	4	445	490
Dímheas	14	2,044	2,250
		29,299	**29,689**
EASNAMH OIBRIÚCHÁIN		(1,154)	(1,032)
AISTRIÚ GO CÚLCHISTE D'FHORBAIRT CHAIPITIÚIL	20	0	0
BARRACHAS CARNTHA AR AN 1 MEÁN FÓMHAIR		**4,247**	**5,279**
BARRACHAS CARNTHA AR AN 31 LÚNASA		**3,093**	**4,247**

Níl aon ghnóthachain nó caillteanas diomate díobh sin atá aitheanta thuas.

Tá an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Ráiteas Sreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 27 ina bpáirt de na ráitis airgeadais.

Sínithe thar ceann an Bhoird Rialúcháin :

Cathaoirleach _____ _____
Fintan Moloney Dáta

Uachtarán _____ _____
Paul Hannigan Dáta

Clár Comhardaithe ar an 31 Lúnasa 2014

	NÓTA	2014 €'000	2013 €'000
SÓCMHAINNÍ SEASTA	14	72,349	72,761
		72,349	**72,761**
SÓCMHAINNÍ SEASTA			
Fiachóirí agus Réamhíocaíochtaí	15	1,785	1,912
Airgead sa Bhanc agus ar láimh		5,627	6,787
		7,412	**8,699**
FIACHAIS REATHA			
Creidúnaithe agus Speansais Fhabhraithe - Méideanna dlite lastigh de bhliain amháir	16	2,660	2,793
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA		**4,752**	**5,906**
GLANSÓCMHAINNÍ		**77,101**	**78,667**
Léirithe ag :			
Deontais Chaipitil Iarchurtha	17	72,349	72,761
Deontas Ioncaim agus Caiteachais		3,093	4,247
Cúlchiste d'Fhorbairt Chaipitiúil	20	1,659	1,659
		77,101	**78,667**

Tá an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Ráiteas Sreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 27 ina bpáirt de na ráitis airgeadais.

Sínithe thar ceann an Bhoird Rialúchain :

Cathaoirleach _____ _____
Fintan Moloney Dáta

Uachtarán _____ _____
Paul Hannigan Dáta

Ráiteas Sreabhaidh Airgid don bhliain dar chríoch 31 Lúnasa 2014	**2014**	**2013**
	€'000	**€'000**
Imréiteach ar easnamh oibriúcháin le glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		
Easnamh oibriúcháin	(1,154)	(1,032)
Ioncam ó ús	(97)	(222)
Dímheas	2,044	2,250
Amúchadh ar aon dul le dímheas sócmhainní	(2,044)	(2,250)
(Méadú)/Laghdú ar Fhéichiúnaithe	127	892
(Laghdú) ar Chreidiúnaithe	(133)	(53)
Glan eis-insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	**(1,257)**	**(415)**
Ráiteas Sreabhadh Airgid		
Glan eis-sreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	**(1,257)**	**(415)**
Ús Faighte	97	222
Caiteachas Caipitil		
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta a fháil	(1,632)	(1,466)
Glan eis-sreabhadh airgid do chaiteachas caipitil	**(1,632)**	**(1,466)**
Maoiniú		
Deontais Chaipitil Stáit caite ar Shócmhainní Seasta	76	192
Deontais Athréimhseacha caite ar Shócmhainní Seasta	482	497
Cistí eile caite ar Shócmhainní Seasta	1,074	76
Glan-insreabhadh airgid ó Mhaoiniú	**1,632**	**765**
Laghdú in Airgeadas	**(1,160)**	**(894)**
Réiteach de glan-sreabhadh airgid le gluaiseacht i nglan-chistí		
Laghdú in airgeadas	(1,160)	(894)
Ag oscailt glan-chistí	6,787	7,681
Glan-chistí ag 31 Lúnasa	**5,627**	**6,787**

Tá an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Ráiteas Sreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 27 ina bpáirt de na ráitis airgeadais.

Sínithe thar ceann an Bhoird Rialúcháin:

Cathaoirleach _____ _____

Fintan Moloney Dáta

Uachtarán _____ _____

Paul Hannigan Dáta

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

1. DEONTAIS STÁIT

	Leithdháilte do Chaiteachas Atréimseach €'000	Leithdháilte do Chaiteachas Caipitil €'000	Iomlán 2014 €'000	Iomlán 2013 €'000
Deontas Stáit do Chaiteachas Atréimseach - HEA	10,954	482	11,436	12,408
Deontas Stáit do Chaiteachas Atréimhseach - HEA (Altranas)	545	-	545	585
Deontas Stáit do Chaiteachas Caipitil - Roinn Oideachais agus Scileanna	-	76	76	192
Iomlán - 2014	**11,499**	**558**	**12,057**	**13,185**
Iomlán - 2013	**12,496**	**689**	**-**	**13,185**

Faigheann cúrsaí áirithe Ardteastais agus Gnáthchéime fóirdheontas don chostas iomlán ó Chiste Sóisialta na hEorpa (ESF) ag leibhéal náisiúnta. Tá Deontais Stáit do Chaiteachas Atréimhseach páirtmhaoinithe ón chabhair seo ón AE. Ón 1 Feabhra 2007 ghlac an tÚdarás um Ardoideachas freagracht ón Roinn Oideachais agus Scileanna don mhaoiniú do chaiteachas atréimhseach neamhaltrachta.

2. TÁILLÍ TEAGAISC

	2014 Líon Mac Léinn (WTE)	2014 0	2013 Líon Mac Léinn (WTE)	2013 0
Táillí íoctha ag an Stáit	2,769	2,724	2,647	3,231
Táillí neamh-AE	1	11	2	13
Táillí íoctha ag mic léinn nó thar ceann mac léinn	83	366	154	374
Foghlaim ar feadh an tSaoil agus Táillí Eile	179	197	77	51
Ranníocaíocht Mac Léinn	-	6,512	-	5,634
	3,032	**9,810**	2,880	**9,303**

D'íoc an Roinn Oideachais agus Scileanna táillí teagaisc de €2,078,384 (2013: €2,072,971) sa bhliain do chúrsaí céime lánaimseartha agus €603,419 (2013: €1,069,588) do chúrsaí ardteastais agus gnáthchéime, atá páirtmhaoinithe do na costais iomlán ag Ciste Sóisialta na hEorpa.

Tá líon na mac léinn scríofa mar choibhéis lánaimseartha, bunaithe ar chreidmheasanna ar an rolla.

3. DEONTAIS TAIGHDE AGUS CONARTHAÍ

	2014	2013
Ioncam	**€'000**	**€'000**
Deontais Taighde agus Conarthaí	1,297	1,171
Lúide: Ioncam ó Dheontais Taighde agus Conarthaí leithdháilte ar chaipiteal	(14)	(11)
Ioncam glan	**1,283**	**1,160**
Caiteachas		
Costais íocaíochta	805	699
Costais neamhíocaíochta	478	461
Iomlán costas	**1,283**	**1,160**
Toradh glan	**0**	**0**

San áireamh sa Deontas Taighde agus Conartha, tá ioncam de €25,693 (€9,481 in 2013) i ndáil le aisghabháil forchostais. Léiríonn an fuílleach na costais dhíreacha a fuarthas ar ais ó obair thaighde a chuathas ina bhun mar atá mínithe faoina ceannteidil Caiteachais thuasluaite.

4. MAOINIÚ TACAÍOCHTA MAC LÉINN

	Míchumais	Tacaíocht Mac Léinn	2014	2013
	€'000	**€'000**	**€'000**	**€'000**
Iarmhéid ar an 1 Meán Fómhair 2013	15	(3)	12	(8)
Fáltais:				
An tÚdarás um Ardoideachas	320	180	500	534
Lúíde: Fáltais Leithdháite chuig Caipiteal	(11)	-	(11)	(24)
Fáltais glan	309	180	489	510
Méideanna curtha i bhfeidhm:				
Costais Íocaíochta	149	-	149	184
Costais Neamhíocaíochta	116	180	296	306
	265	180	445	490
Fúilleach ar an 31 Lúnasa 2014	**59**	**(3)**	**56**	**12**

Cuireann an tÚdarás um Ardoideachas an maoiniú ar fáil faoin Phlean Forbartha Náisiúnta agus tá sé páirtmhaoinithe ag Ciste Sóisialta na hEorpa.

5. IONCAM EILE

	2014	2013
	€'000	€'000
Asbhaintí Aoisliúntais Coimeádta Siar	1,153	1,202
Áiseanna ar Cíos	69	95
Forchostas an Taighde Lárnaigh	154	159
Ioncam Éagsúil	1,146	820
IOMLÁN	**2,522**	**2,276**

6. RANNÓGA ACADÚLA

	2014	2013
	€'000	0
Costais íocaíochta	16,232	16,390
Costais Neamhíocaíochta:	1,086	1,005
IOMLÁN	**17,318**	**17,395**

7. SEIRBHÍSÍ ACADÚLA

	2014	2013
	€'000	0
Costais Íocaíochta	526	608
Costais Neamhíocaíochta	161	178
IOMLÁN	**687**	**786**

8. COSTAS ÁISEANNA

	2014 0	2013 0
Costas Íocaíochta	470	482
Costais Neamhíocaíochta:	1,122	1,076
IOMLÁN	**1,592**	**1,558**

9. RIARACHÁN LÁRNACH AGUS SEIRBHÍSÍ

	2014 0	2013 0
Costais Íocaíochta	2,957	2,873
Costais Neamhíocaíochta:	877	927
IOMLÁN	**3,834**	**3,800**

10. SPEANSAIS GINEARÁLTA OIDEACHASÚLA

	2014 0	2013 0
Costais íocaíochta	491	523
Costais Neamhíocaíochta:	236	380
IOMLÁN	**727**	**903**

11. SEIRBHÍSÍ MAC LÉINN

	2014 0 **Costas Foirne**	2014 0 **Neamhphá**	2014 0 **Iomlán**	2013 0 **Iomlán**
Fóirdheontas do Chlubanna, Chumainn agus Aontas na Mac Léinn	128	372	500	464
Seirbhísí Mac Léinn	42	346	388	378
Seirbhísí Comhairleach do Ghairmeacha Beatha	-	6	6	6
Sláinte agus Comhairleoireacht	-	81	81	66
IOMLÁN	**170**	**805**	**975**	**914**

12. ANAILÍS AR CHAITEACHAS

	Costas Foirne	Dímheas	Speansais oibriúcháin eile	2014	2013
	0	0	0	0	0
Deontais Taighde agus Conarthaí	805	18	478	1,301	1,272
Rannóga Acadúla	16,232	317	1,086	17,635	17,792
Seirbhísí Acadúla	526	7	161	694	793
Costais Áiseanna	470	1,639	1,122	3,231	3,141
Riarachán Lárnach agus Seirbhísí	2,957	42	877	3,876	3,928
Speansais Ghinearálta Oideachais	491	-	236	727	903
Gníomhaíochtaí Eile a ghineanna Ioncam	264	3	130	397	437
Maoiniú Tacaíochta Mac Léinn	149	18	296	463	509
Táillí Clárúcháin Mac Léinn	170	-	805	975	914
Iomlán 2014	**22,064**	**2,044**	**5,191**	**29,299**	**29,689**
Iomlán 2013	**22,187**	**2,250**	**5,252**	-	**29,689**

Anailís ar Chaiteachais Oibriúcháin Eile	2014	2013
	0	0
Ábhair agus Tomhaltáin Eile	413	380
Solas, Teas agus Cumhacht	498	514
Costais Athchóirithe agus Cothabhála	498	460
Ábhar priontáilte, leabhair agus treimhseacháin	155	170
Taisteal agus Cothú	394	386
Priontáil, Páipéarachas, Postas agus Speansais eile Oifige.	124	164
Cíos, Rátaí agus costais Árachais	196	196
Earcaíocht, traenáil &rl.	436	394
Táille Iniúchóireachta	28	28
Costais Comhairleoireachta	188	187
Ceannacháin trealaimh (neamhchaipitlithe)	93	117
Cothabháil ríomhairí, bogearraí agus ceadúnais	298	333
Sábháilteacht agus Cothabháil Tailte	110	101
Seirbhís Leighis	81	66
Cumarsáid	81	82
Fógraíocht agus Margaíocht	108	145
Seirbhís Bainistíochta na hInstitiúide	49	75
Duíscairt Dramhaíola	20	15
Sláinte agus sábháilteacht	30	19
Maoiniú Tacaíochta Mac Léinn	296	306
Táillí Clárúcháin Mac Léinn	724	675
Forbairt agus bailíochtú cúrsa	41	19
Drochfhiacha	68	200
Speansais Eile	262	220
Iomlán	**5,191**	**5,252**

13. CÁNACHAS

Tá Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn saor ó Cháin Chorparáide faoi ordú mar stádas carthanach.

14. SÓCMHAINNÍ SEASTA

	Iomlán	Talamh agus Foirgnimh	Foirgnimh atáthar á dtógáil	Daingnéain agus Feistis	Trealamh Ríomhaireachta	Trealamh	Gléasraí agus Innealra	Mótar-fheithiclí
	€'000	€'000	0	0	€'000	0	0	€'000
Costas nó Luacháil								
Ag 1 Meán Fómhair 2013	111,143	89,246	37	157	11,533	9,676	454	40
Breis curtha leo	1,632	228	1,034	14	136	205	15	-
Aistriú Sócmhainní le linn Tógála	0	-	-	-	-	-	-	-
Diúscairt	(264)	-	-	-	(211)	(53)	-	-
	112,511	89,474	1,071	171	11,458	9,828	469	40
Dímheas								
Ag 1 Meán Fómhair 2013	38,382	17,587	-	52	11,326	9,242	135	40
Muirear don bhliain	2,044	1,563	-	17	204	213	47	-
Diúscairt	(264)	-	-	-	(211)	(53)	-	-
	40,162	19,150	-	69	11,319	9,402	182	40
Glanluach de réir na leabhar Ag 31 Lúnasa 2014	**72,349**	**70,324**	**1,071**	**102**	**139**	**426**	**287**	-
Glanluach de réir na leabhar Ag 31 Lúnasa 2013	**72,761**	**71,659**	**37**	**105**	**207**	**434**	**319**	**-**

Costas nó Luacháil:

Rinneadh talamh agus foirnimh a luacháil ar an 1 Eanáir, 1993, ar bhonn treoirlínte a mhol an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Ba é cuibhreannas, ag gníomhú thar ceann an Roinn Oideachas agus Scileanna, a rinne forbairt ar chóras ríomhaireachta na hInstitiúide i ndáil le clárú mac léinn &rl. Chuir an cuibhreannas seo an córas ar fáil don Institiúid. Níl ach na costais chaipitúla a d'íoc an Institiúid í féin ar son an chórais ríomhaireachta seo curtha isteach sa Chlár Comhardaithe.

15. FIACHÓIRÍ AGUS REÁMHÍOCAÍOCHTAÍ

	2014	**2014**	**2013**	**2013**
	€'000	**€'000**	**€'000**	**€'000**
Teagasc agus Táillí Eile	623		349	
Lúide Soláthar do Dhrochfhiacha	(472)	151	(349)	-
Deontas Athfhillteach Stáit - An tÚdarás um Ardoideachas		-		676
Deontas Athfhillteach Stáit - Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte		-		-
Deontas Caipitil Stáit & Eile		845		169
Deontais Taighde agus Conarthaí		116		228
Gníomhaíochtaí Féinmhaoinithe		16		57
Maoiniú Tacaíochta Mac Léinn				3
Reámhíocaíochtaí agus Ioncam Fabhruithe		278		447
Fiachóirí Eile	399		411	
Lúide Soláthar do Dhrocfhiacha	(20)	379	(79)	332
Deontais Chothabhála		-		-
Iomlán		**1,785**		**1,912**

16. CREIDIÚNAITHE AGUS SPEANSAIS FHABHRAITHE

	2014 €'000	2013 €'000
MÉIDEANNA DLITE LAISTIGH DE BHLAIN AMHÁIN		
Réamhíocaíochtaí Faighte:		
Deontas Atréimhseach Stáit-an tÚdarás um Ardoideachas	147	-
Deontais Taighde agus Conarthaí	598	853
Gníomhaíochtaí Féinmhaoinithe	201	508
Ioncam Iarchurtha do Thacaíocht Mac Léinn	50	15
Teagasc agus Táillí Eile Réamhíoctha	93	198
Deontais Chothabhála	-	5
	1,089	1,579
Creidiúnaithe Trádála agus Fabhruithe	10	55
ÍMAT /ÁSPC	549	539
CBL	66	122
Cáin Siarchoinneálach	7	4
Cáin ar Chonarthaí Ábhartha	1	4
Creidiúnaithe Eile	144	150
Fabhruithe agus Ioncam Iarchurtha	794	340
	1,571	1,214
	2,660	**2,793**

17. DEONTAIS CHAIPITIÚLA IARCHURTHA

	2014 €'000	2013 €'000
Iarmhéid Tosaigh	72,761	73,545
Deontais Chaipitúla Infhaighte		
Deontais Chaipitiúla Stáit - Roinn Oideachais agus Scileanna	76	192
Mionoibreacha Chaipitiúla - Roinn Oideachais agus Scileanna		-
Leithdháilte ón Deontas Atréimhseach Stáit - an tÚdarás um Ardoideachas	482	497
Deontais Chaipitiúla Stáit -Fiontar Éireann	-	-
Leithdháilte ó Mhaoiniú Tacaíochta na Mac Léinn	11	24
Leithdháilte ón Chúlchiste Forbartha Caipitiúla	-	701
Deontais / Maoiniú ó Dheontais/Maoiniú Caipitil Eile	1,063	52
	74,393	75,011
Diúscairt	(264)	(83)
Eisiúint chuig Ioncam		
Amúchadh ar aon dul le Dímheas Acmhainní	(2,044)	(2,250)
Diúscairt	264	83
Iarmhéid Deiridh	72,349	72,761

18. CEANGALTAIS CHAIPITIÚLA AR CONRADH ACH NÁR CUIREADH AR FÁIL

Bhí ceangaltais chaipitiúla measta de €4,507,299 ann ag deireadh an tréimhse.

19. **Deontais Chothabhála Mac Léinn**	**2014**	**2013**
	€'000	**€'000**
Fáltais ón Roinn Oideachais agus Scileanna (Rannóg na gColáistí)	317	993
Fáltais ón Roinn Oideachais agus Scileanna (Aonad Tacaíochta Mac Léinn)	154	436
Íocaíochtaí le Mic Léinn	(322)	(917)
Íocaíochtaí le Mic Léinn (breisithe)	(154)	(428)
Glan-insreabhadh (/Eis-sreabhadh) airgid	(5)	84
Iarmhéid Tosaigh	5	(79)
Iarmhéid Deiridh	**0**	**5**

Déanann an Institiúid íocaíochtaí a phróiseáil do mhic léinn i leith deontais chothabhála CSE a chuireann an Choiste Gairmoideachais ábhartha nó an tÚdárás Áitiúil in iúl. Cuirtear an maoiniú do na híocaíochtaí seo ar fáil ón Roinn Oideachais agus Scileanna le cómhaoiniú ó Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE). Níl na hidirbhearta seo curtha isteach leo féin sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

20. **Cúlchiste Forbartha Caipitil**	**2014**	**2013**
	€'000	**€'000**
Iarmhéid ar an 1ad Meán Fómhair 2013	1,659	2,360
Ranníocaíocht chuig Caipiteal (Úsáide sa Bhliain)	-	(701)
Iarmhéid Deiridh ar an 31ú Lúnasa 2014	**1,659**	**1,659**

21. Gníomhaíochtaí Eile a Ghineann Ioncam

Ioncam	**2014** **€'000**	**2013** **€'000**
Ionad Forbartha do Ghnó Nua	182	230
An Dánlann, Ionad Mac Léinn	219	214
Ioncam Iomlán	**401**	**444**
Lúide: Ioncam leithroinnte chuig Caipiteal	-	(4)
Glan-ioncam	**401**	**440**
Caiteachas		
Costais Pá	264	255
Costais Neamhphá	130	178
	394	**433**
Fothoradh Glan	**7**	**7**

22. Ceangaltais faoi Réadmhaoin ar Léas

Ag deireadh bliana, bíonn ceangaltais ar an Institiúid do réadmhaoin ar léas a éagann mar a leanas:

	2014 €'000	2013 €'000
Laistigh de bhliain amháin	68	70
Idir bliain amháin agus 5 bliana	100	272
Níos mó ná 5 bliana	-	-
	168	342

23. Teagmhais

Ní raibh teagmhais ar bith ar an 31ú Lúnasa 2014.

24. Nochtadh Idirbhearta - Baill den Bhord Rialúcháin

I ngnáth chúrsaí gnó d'fhéadfadh an Institiúid socruithe conarthacha a dhéanamh le gnóthais ina bhfuil baill de Bhord Rialúcháin na hInstitiúide fostaithe nó a bhfuil spéis acu ann ar shlí eile. Ghlac an Institiúid nósanna imeachta de réir an Cód Cleachtais do Rialú Comhlachtaí Stáit i ndáil le nochtadh spéise ag baill den Bhord agus chloí an Institiúid leis na nósanna seo i rith na bliana.

25. Fostaithe

Ba é 368 (356 in 2013) an gnáthuimhir fostaithe (coibéis lánaimseartha) le linn na bliana.

26. Stádas Airgeadais

Thabhaigh Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn easnaimh oibriúcháin i ngach ceann de na ceithre bliana dar chríoch 31 Lúnasa 2011, 31 Lúnasa 2012, 31 Lúnasa 2013 agus 31 Lúnasa 2014. Tá an tInstitiúid feasach go mbeidh ídiú ar chúlchistí má bhíonn breis easnaimh den chineál céanna ann a d'fhéadfadh ceisteanna a ardú fá ghnóthas leantach na hInstitiúide sa ghearrthéarma nó sa mheántéarma. Is iad seo a leanas na fachtóirí a chuireann le seo:

1. Laghdú i nDeontas Stáit do mhaoiniú fá choinne gníomhaíochtaí atréimhseacha.
2. Cosc ar dheontais Stáit do mhaoiniú d'infheistíocht chaipitiúla, macasamhail trealamh, trealamh ríomhaireachta, daingneáin agus feistis. Laghdaítear ioncam de bharr an ghá le leithdháileadh a dhéanamh don mhaoiniú atréimhseach atá ar fáil do chuspóirí chaipitiúla.
3. Cónascadh Coláiste Turasóireachta na gCealla Beaga isteach san Institiúid ó Feabhra 2007.

Tá an tInstitiúid páirteach i gcomhráite leis an Údarás um Ardoideachais agus leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, ar mhaithe lena chinntiú go mbeidh an tInstitiúid in ann gníomhaíochtaí oideachasúla agus eile a choimeád go ceann i bhfad. Glacadh leis an bhonn mar ghnóthas leantas in ullmhúchán na ráitis airgeadais, siocair go bhfuil go leor cúlchistí ag an Institiúid le riaradh ar chaiteachas réamh-mheasta de réir mar a bhíonn siad dlite do thréimhse níos mó ná 12 mí ón cheadú tuartha do na ráitis airgeadais.

27. Ceadú na Ráitis Airgeadais

Cheadaigh an Bord Rialúcháin na ráitis airgeadais ar an 8 Deireadh Fómhair 2015.